



Cúrsa Gearr Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP)

Sonraíocht le haghaidh sa tSraith Shóisearach



An Clár Ábhar

Leathanach 3

Intreoir don tsraith shóisearach

Leathanach 4

Réasúnaíocht

Leathanach 5

Aidhm

Leathanach 6

Forbhreathnú: Naisc

Leathanach 10

Forbhreathnú: Cúrsa

Leathanach 11

Ionchais maidir le scoláirí

Leathanach 18

Measúnú agus tuairisciú

Leathanach 20

Aguisín 1:

Gluais de bhriathra gnímhs

Leathanach 22

Aguisín 2:

OSPS torthaí foghlama agus táscairí na folláine

Leathanach 25

Aguisín 3:

Na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar taithí a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Is taithí d'ardchaighdeán a bhíonn iontu seo, cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaim, agus, de réir mar is féidir, cuireann siad deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaim a fhorbairt maidir le cruthaitheacht agus le frontar. Tógann clár an scoláire sa tsraith shóisearach ar an bhfoghlaim a rinne sé sa bhunscoil. Tacaíonn sé leis tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ina chuid foghlama. Cabhraíonn sé leis an scoláire chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil.

Réasúnaíocht

Cuidíonn Oideachas Sibhialta, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) le forbairt scileanna na scoláirí a bheidh de dhíth orthu le rannchur go dearfach le sochaí dhaonlathach agus le maireachtáil inbhuanaithe a chur chun cinn. Tugann sé tuiscint dóibh ar struchtúir shóisialta, eacnamaíocha agus pholaitiúla ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda, agus an deis bealaí a shamhlú agus a chruthú inar féidir leo difear a dhéanamh do shaol daoine agus pobal. Cuireann OSSP le heispéiris foghlama ghaolmhara sa bhunoideachas. Cuidíonn sé le scoláirí a bhfuil ar siúl sa domhan a cheistiú, a léirmheas agus a mheasúnú; tugann sé tuiscint do scoláirí ar a gcearta an duine agus a bhfreagrachtaí sóisialta; spreagann sé scoláirí le machnamh ar conas todhchaí níos inbhuanaithe a chruthú do chách; cothaíonn sé feasacht ar cad is ciall le maireachtáil go freagrach i ndaonlathas; agus an rud is tábhachtaí, cuireann sé saoránacht ghníomhach mhachnamhach ag croílár an phróisis foghlama trí dheis a thabhairt do scoláirí gníomh a dhéanamh agus tionchar a imirt maidir le saincheisteanna áitiúla, náisiúnta agus domhanda.

Is cuid thábhachtach an OSSP de chlár folláine laistigh den tsraith shóisearach nó cuireann sé ar chumas scoláirí a bhfeasacht a mhéadú ar conas atá a bhfolláine nasctha le folláine daoine eile, go háitiúil agus go domhanda. Forbraíonn sé freisin tuiscint an scoláire ar fhreagracht ar fholláine daoine eile.

Aidhm

Tá d'aidhm ag an ngearrchúrsa eolas, spreagadh, cumas agus ábaltacht a thabhairt do dhaoine óga páirt a ghlacadh mar shaoránaigh ghníomhacha sa tsochaí chomhaimseartha ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda, bunaithe ar thuiscint ar chearta an duine agus ar fhreagrachtaí sóisialta.

Forbhreathnú: Naisc

Léirítear i dTáblaí 1 agus 2 ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhféadfaí OSSP a nascadh le gnéithe lárnacha den fhoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

OSSP agus ráitis foghlama

Tábla 1: Naisc idir OSSP na sraithe sóisearaí agus na ráitis foghlama

Ráiteas	Samplaí d'fhoghlaim ghaolmhar sa chúrsa
RF 7: Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina shaoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne.	I ngach snáithe den chúrsa, foghlaimíonn scoláirí faoi shaincheisteanna a bhaineann leo agus an saol mór agus machnamh a dhéanamh ar ról agus ar fhreagracht gach saoránaigh an t-athrú dearfach a chur i gcrích. Is bunchuid den fhoghlaim é an gníomh faoi cheannas scoláirí atá bunaithe ar thuiscint ar chearta an duine agus ar fhreagrachtaí sóisialta.
RF 9: Tuigeann an scoláire bunús agus tionchar ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain timpeall air/uirthi.	Faigheann scoláirí tuiscint ar na cúiseanna agus na hiarmhairtí réimse dúshlán domhanda, a shainaithint conas atá saincheisteanna, daoine agus áiteanna éagsúla nasctha. Fiosraíonn siad freisin ról agus ábharthacht struchtúir eacnamaíocha agus pholaitiúla ina saol. Is gné thábhachtach den chúrsa go ligtear do scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar an rannchur d'fhéadfadh a bheith ag saoránaigh le todhchaí níos cothroime, níos córa agus níos inbhuanaithe a chruthú ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda.
RF 10: Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe.	Tugtar dúshlán do scoláirí machnamh a dhéanamh ar a ról ag cur le dúshlán atá roimh an domhan agus ag freagairt orthu. Díritear i Snáithe 2 ar fhorbairt inbhuanaithe agus tugann sé deis do scoláirí plé a dhéanamh ar na straitéisí maireachtála inbhuanaithe ar féidir leosan agus le daoine eile a úsáid le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.
RF 11: Gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú.	I ngach snáithe socraíonn, pleanálann agus déanann scoláirí gníomh a bhfuil sé d'aidhm aige folláine daoine eile a chur chun cinn, bíodh sin laistigh dá scoil, sa phobal nó sa mhórshaol.

OSSP agus príomhscileanna

I dteannta a n-inneachair agus a n-eolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Díríonn curaclam na sraithe sóisearaí ar ocht bpríomhscil.

Fíor 1: Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí



Cuireann an cúrsa seo deiseanna ar fáil chun tacú leis na príomhscileanna uile, ach tá roinnt díobh a bhfuil tábhacht ar leith leo. Sainithnítear sna samplaí thíos roinnt de na gnéithe a bhaineann le gníomhaíochtaí foghlama sa OSSP. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna ar leith a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga.

Tábla 2: Naisc idir an tsraith shóisearach agus príomhscileanna

Príomhscil	Gné na príomhscile	Gníomhaíocht foghlama an scoláire
A bheith cruthaitheach	Léamh ar son taitnimh agus le tuiscint chriticiúil	Úsáideann scoláirí a samhlaíocht le <ul style="list-style-type: none"> • smaointeoireacht ionbháúil a fhorbairt trí mhachnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna ó dhearcthaí éagsúla • inspioráid a ghlacadh ó cheannairí agus ó ghníomhairí pobail a fheiceann siad ina gcuid taighde agus lena mbuaileann siad • bealaí a shamhlú inar féidir leo difear dearfach a dhéanamh sa domhan.
A bheith liteartha	Reading for enjoyment and with critical understanding	Déanann scoláirí taighde, scrúdaíonn siad agus léirmheasann siad cás-staidéir agus faisnéis a chuirtear i láthair i meáin éagsúla.
A bheith uimheartha	Patrúin, treochothaí agus coibhneasa a fheiceáil	Forbraíonn scoláirí feasacht ar na patrúin, treochothaí agus coibhneasa idir saincheisteanna éagsúla eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta agus ar na naisc idir cúiseanna agus éifeachtaí.
Cumarsáid	Plé agus díospóireacht	Éiríonn scoláirí níos muiníní trí dhíospóireachtaí agus trí phlé ranga agus iad ag foghlaim conas a dtuairimí a chur i láthair agus tacú leo le fianaise ó chás-staidéir agus/nó shonraí uimhriúla.
Faisnéis agus smaointeoireacht a bhainistiú	Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil	Ceistíonn scoláirí a dtuiscintí agus tuiscintí daoine eile. Spreagtar iad le machnamh a dhéanamh ar a dtuiscint agus í a athbhreithniú i bhfianaise eolais nua.
Mé féin a bhainistiú	A bheith in ann machnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin	Déanann na scoláirí machnamh ar a bhfoghlaim i rith an chúrsa agus ar an gcaoi a mbaineann sí lena saol. Chomh maith leis sin déanann siad machnamh ar agus measúnú ar dhul chun cinn chur i gcrích a ngníomhaíochtaí.
Fanacht folláin	A bheith sóisialta	Éiríonn scoláirí feasach orthu féin mar shaoránaigh áitiúla agus dhomhanda le cearta agus freagrachtaí agus forbraíonn siad tuiscint ar chúram d'fholláine daoine eile agus iad ag foghlaim conas atá a bhfolláine féin nasctha le folláine daoine eile agus ár bpláinéid.
Obair le daoine eile	Ag cuidiú le háit níos fearr a dhéanamh den domhan	Tá béim láidir ar fhoghlaim a nascadh le gníomh. Trí ghníomh bríoch a dhéanamh, cumasaítear scoláirí a thuilleadh agus feiceann siad conas, trí bheith ag obair le daoine eile, is féidir leo fíordhifriocht a dhéanamh.

OSSP agus an Fholláine

Tá OSSP ina ghné lárnach de chlár Folláine na sraithe sóisearaí. Sainaitníonn na sé tháscaire folláine – Gníomhach, Freagrach, Ceangailte, Athléimneach, Meas Orm agus Feasach – na rudaí atá tábhachtach d'fholláine daoine óga sa tsraith shóisearach.

Tacaíonn an gearrchúrsa OSSP seo le daoine óga chun na sé tháscaire folláine a fhorbairt. Léiríonn Aguisín 2 a oiread is a chuireann na torthaí foghlama don OSSP go díreach le táscairí na folláine a fhorbairt.

Fíor 2: Táscairí na folláine



Tá treoirlínte chun tacú le scoileanna le clár Folláine don tsraith shóisearach a fhorbairt ar fáil ar <https://ncca.ie/en/junior-cycle/wellbeing>.

Forbhreathnú: Cúrsa

Dírítear sa ghearrchúrsa sraithe sóisearaí seo in OSSP ar thacaíocht a thabhairt do scoláirí a bheith ina saoránaigh ghníomhacha trína gcuid foghlama thar thrí shnáithe: **Ceartha agus freagrachtaí, an tSaoránacht dhomhanda**, agus **Fiosrú an daonlathais**.

Snáithe 1: Ceartha agus freagrachtaí.

Foghlaimíonn scoláirí sa snáithe seo an chiall a bhaineann le maireachtáil le ceartha agus freagrachtaí, agus déanann siad iniúchadh ar na príomhionstraimí um chearta an duine lena dtugtar cosaint do chearta na ndaoine. Is bonnsnáithe é seo.

Snáithe 2: Saoránacht dhomhanda.

Fiosraíonn scoláirí sa snáithe seo saincheistanna a bhaineann le bochtaineacht, éagothroime agus forbairt inbhuanaithe; agus breathnaíonn siad ar bhealaí le hathrú éifeachtach a chur i gcrích.

Snáithe 3: An daonlathas a fhiosrú.

Cumasaítear scoláirí leis an snáithe seo iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn an daonlathas agus ar ról na meán mar chuid de dhaonlathas.

Is bunriachtanas é an staidéar ar shnáithe a haon den chaoi a n-éireoidh le scoláirí dul i ngleic le snáithí a dó agus a trí. Ba cheart gach snáithe a theagasc ar bhealach comhtháite ámh. Tá idirnas ann idir go leor de na torthaí foghlama thar na snáitheanna, agus moltar dá réir cur chuige pleanála neamhlíneach a ghlacadh ionas gur féidir nascálacha a dhéanamh thar an bhfoghlaim.

Faightear comhtháthú idir gach ceann de na trí shnáithe idir an fhoghlaim chomhoibríoch agus ghníomhach agus forbairt scileanna sa tsaoiránacht, sa taighde, sa mhachnamh agus sa ghníomh. Tugtar réimse gníomhartha molta, lena mbaineann céimeanna éagsúla dua, ag deireadh gach snáithe; agus is féidir le múinteoirí agus scoláirí cinneadh a dhéanamh freisin maidir le gníomh ábhartha eile. Táthar ag súil leis go mbeidh scoláirí páirteach i ngníomhaíocht mar chuid dá bhfoghlaim i ngach ceann de na trí shnáithe.

D'fhéadfaí scoláirí a spreagadh le dialann mhachnaimh a choinneáil le cuidiú leo machnamh ar a bhfoghlaim tríd an gcúrsa. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas bheith sa dialann:

- cuid de na smaointe móra atá foghlamtha acu
- machnamh ar na scileanna a d'fhorbair siad
- ceistanna atá fágtha acu go fóill
- machnamh ar phríomhléargais atá faighte acu agus cad a chiallaíonn sé dá saol nó don todhchaí.

Léiríonn an Measúnú Rangbhunaithe an fhoghlaim a dhéanfaidh an scoláire sa ghearrchúrsa seo ó CNCM. Féadfaidh an scoil aon ghearrchúrsa ó CNCM a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha féin agus do chomhthéacs na scoile. Má tá an cúrsa á chur in oiriúint, d'fhéadfadh go mbeadh ar an scoil an Measúnú Rangbhunaithe a chur in oiriúint freisin ionas go léireodh sé foghlaim an scoláire. Féadfaidh scoil a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt freisin, chomh maith le Measúnú Rangbhunaithe lena mbaineann. Tá treoirilínte ar fáil d'aon scoil ar mian léi a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt.

Ailínítear na torthaí foghlama sa ghearrchúrsa seo go ginearálta leis na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Aguisín 1).

Dearadh gearrchúrsa OSSP le haghaidh thart ar 100 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire.

Ionchais maidir le scoláirí

Is scáth-théarma é *ionchais maidir le scoláirí* a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí. I gcás na ngearrchúrsaí arna bhforbairt ag CNCM, is amhlaidh i roinnt cásanna atá samplaí den saothar a bhaineann le toradh foghlama faoi leith nó le grúpa torthaí foghlama ar fáil ar www.curriculumonline.ie. Is féidir gur mian leis na scoileanna a dhearann a ngearrchúrsaí féin bunachar samplaí de shaothar scoláirí a chruthú don phlé agus mar áis tagartha amach anseo.

Torthaí foghlama

Is é is *torthaí foghlama* ann ráitis a chuireann síos ar an eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna is cóir do scoláirí bheith in ann a thaispeáint tar éis dóibh an gearrchúrsa OSSP sa tsraith shóisearach a chríochnú. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire agus léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na tréimhse staidéir (thart ar 100 uair an chloig).

Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin. Ná tuigtear leis ach an oiread gur cheart cloí leis na torthaí foghlama in ord seicheamhach.

Snáithe 1: Cearta agus freagrachtaí

Torthaí foghlama

Foghlaimíonn scoláirí faoi	Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Dínit an duine – an bunús le cearta an duine	<p>1.1 a phlé cad a chiallaíonn sé bheith daonna agus maireachtáil i bpobal le cearta agus le freagrachtaí</p> <p>1.2 láithriú físe a chruthú chun suíomh a chur in iúl nuair nach léirítear meas ar an dínit dhaonna</p> <p>1.3 míniú a thabhairt ar ordlathas éilimh an duine agus ar an gcaoi a mbaineann sé sin le cearta an duine</p> <p>1.4 sonraí uimhriúla a aimsiú agus a léirmhíniú a thaispeánann leithdháileadh áitiúil agus domhanda acmhainní bunúsacha agus patrúin neamhionannais</p>
Ionstraimí chearta an duine	<p>1.5 scéalta a roinnt faoi dhaoine aonair nó faoi ghrúpaí a thugann inspioráid dóibh mar gheall ar a gcuid oibre ar son chearta an duine</p> <p>1.6 amlíne a chruthú a rianaíonn cad as ar tháinig coincheap chearta an duine, a léiriú cúigear nó níos mó de phríomhdhátaí, imeachtaí, daoine agus cáipéisí</p> <p>1.7 tuiscint a chur in iúl faoin tábhacht a bhaineann leis an DUCD, an CNAACL agus an CECD do chur chun cinn chearta an duine</p> <p>1.8 samplaí a aithint de chearta sóisialta, cultúrtha, teanga, eacnamaíochta, saoránachta, creidimh, comhshaoil agus polaitiúla</p> <p>1.9 peirspictíochtaí difriúla a shonrú i gcásanna ina bhfuil coimhlint shoiléir maidir le cearta nó sárú cearta</p> <p>1.10 a léiriú go dtuigeann siad a bhfreagracht féin chun a gcuid cearta an duine féin agus cuid daoine eile a chur chun cinn agus a chosaint</p> <p>1.11 machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim leanúnach agus faoin mbrí a bhaineann siad aisti</p>

1 Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (DUCD), Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNAACL), agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD)

Gníomhartha Samplacha faoi Shnáithe a hAon

Tá nascadh na foghlama leis an ngníomh ina chroíchuid den ghearrchúrsa OSSP. Baineann na gníomhartha molta seo a leanas le Snáithe a hAon den chuid is mó, cé gur féidir nascálacha a bheith ann le snáithí eile freisin. Níl sé ceaptha le bheith ina liosta saintreorach.

- Maítear in Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh go mbíonn *'an ceart ag daoine óga chun a dtuairimí a chur in iúl agus éisteacht a fháil agus aird a thabhairt ó dhaoine fásta ar cheisteanna a théann i gcion orthu.'* Déan iniúchadh ar an gcaoi a dtacaíonn do scoil leis an éisteacht le daoine óga agus a rannpháirtíocht a thabhairt san áireamh sa chinnteoireacht faoi chúrsaí a théann i bhfeidhm orthu ar scoil agus comhroinn do thorthaí.
- Aithin ábhar imní faoi chearta an duine agus bí páirteach le duine aonair, le grúpa, le heagraíocht nó le feachtas éigin a dhíríonn ar an ábhar sin.
- Déan brú-stocaireacht le roinn rialtais faoi cheist maidir le cearta an duine ar ceist phearsanta agus/nó imní do dhaoine óga í.
- Déan suirbhé a dhearadh agus a stiúradh le fáil amach an méid atá ar eolas ag piaraí/baill teaghlai agus a shíleann siad faoi cheist éigin maidir le cearta an duine nó cearta an linbh. Comhroinn do thorthaí le rannpháirtithe an tsuirbhé agus le duine éigin ar féidir leo tionchar a fheidhmiú ar chúrsaí.
- Foilsigh alt, blog, vlog, podchraoladh (nó a macasamhail) maidir leis an gcaoi a chaitear le mionlach éigin in Éirinn, ina ndéantar tagairt d'ionstraim amháin nó níos mó maidir le cearta an duine agus/nó do reachtaíocht combhionannais, arb ábhartha don cheist iad.
- Eagraigh ceiliúradh le comóradh a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta Chearta an Duine le daoine a chur ar an eolas faoin CNAEL, DUCD nó CECD; agus/nó, faoi eagraíochtaí a oibríonn i réimse chearta an duine in Éirinn.
- Déan taighde ar an tionchar le dúshlán domhanda amháin (cosúil le COVID-19, cailliúint na bithéagsúlachta, an t-athrú aeráide, an bhochtaineacht) ar chearta an duine do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn nó sa Domhan Theas.
- Eagraigh aoichainteoir(i) le labhairt leis an rang/scoil maidir le ceist éigin faoi chearta an duine/chearta an linbh ar ceist inspéise/ábhar imní é.

Snáithe 2: Saoránacht dhomhanda

Torthaí foghlama

Foghlaimíonn scoláirí faoi	Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Inbhuanaitheacht	<p>2.1 a chur in iúl conas atá siad nasctha le agus spleách ar éiceachórais, daoine agus áiteanna i ngar agus i gcéin</p> <p>2.2 meabhrú ar shainmhínte éagsúla ar an bhforbairt agus a sainmhíniú féin a cheapadh den fhorbairt inbhuanaithe</p> <p>2.3 láithriú físe a chruthú de shonraí ina léiríonn siad a lorg éiceolaíoch</p> <p>2.4 plé a dhéanamh ar straitéisí inbhuanaitheachta ar féidir le daoine aonair, pobail, gnóthais, an talmhaíocht agus rialtais a úsáid le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide</p>
Forbairt áitiúil agus dhomhanda	<p>2.5 scrúdú a dhéanamh ar chásanna staidéir nó fianaisí pearsanta de chuid daoine atá ag fulaingt de bharr bochtaineachta nó neamhionannais i gcomhthéacsanna agus i dtíortha difriúla agus ar an gcaoi atá siad ag oibriú chun na deacrachtaí atá acu a sháru</p> <p>2.6 tuairim eolach a chur in iúl faoi bhunchúiseanna na bochtaineachta, idir áitiúil agus dhomhanda</p> <p>2.7 plé a dhéanamh le fianaise, ar na héifeachtaí dearfacha agus diúltacha le forbairt ina gceantar áitiúil féin</p>
Athrú domhanda a chur i gcrích	<p>2.8 duine amháin agus institiúid amháin a shainaithint a bhfuil cumhacht agus tionchar acu sa domhan inniu, mínigh ról na beirte acu</p> <p>2.9 anailís a dhéanamh ar shaincheist nó ar dhúshlán domhanda amháin, faoi na ceannteidil seo a leanas: cúiseanna, iarmhairtí, tionchar ar shaol daoine agus réitigh fhéideartha</p> <p>2.10 meastóireacht a dhéanamh faoin gcaoi ar féidir leo rannchur leis an bhfreagairt ar dhúshlán amháin atá os comhair an domhain san am i láthair</p> <p>2.11 iniúchadh a dhéanamh ar fheachtas d'athrú i réimse na hinbhuanaitheachta agus measúnú a dhéanamh ar na cúiseanna nár éirigh leis an bhfeachtas sin</p> <p>2.12 machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim leanúnach agus faoin mbrí a bhaineann siad aisti</p>

Gníomhartha Samplacha faoi Shnáithe a Dó

Tá nascadh na foghlama leis an ngníomh ina chroíchuid den ghearrchúrsa OSSP. Baineann na gníomhartha molta seo a leanas le Snáithe a Dó den chuid is mó, cé gur féidir nascálacha a bheith ann le snáithí eile. Níl sé ceaptha le bheith ina liosta saintreorach.

- Cruthaigh múrmhaisiú nó clár fógraí don “fholláine”, ar a n-aibhsítear an nasc idir folláine daoine agus folláine na cruinne.
- Eagraigh díospóireacht ranga maidir le saincheist éigin faoin bhforbairt áitiúil nó dhomhanda.
- Déan taighde ar chás-staidéir le fáil amach faoin gcaoi a bhfuil cúnaimh forbartha oifigiúil (CFO) na hÉireann ag dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus le neamhionannais i dtíortha faoi leith.
- Scríobh litir nó ríomhphost chuig polaiteoirí nó chuig na meáin maidir le ceist áitiúil nó dhomhanda ar ábhar inní é.
- Déan tomhas ar thionchar iarrachtaí do ranga chun do thionchar ar ár gcruinne a laghdú thar thréimhse chomhaontaithe trí chomhlorg éiceolaíochta roimh an tionchar sin agus ina dhiaidh a ríomh.
- Fiosraigh úsáid na healaíne, na coiméide, na drámaíochta, na filíochta, an cheoil, na taispeána digití nó físeáin (nó a macasamhail) leis an gcaoi le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán an athraithe aeráide a chur in iúl.
- Eagraigh tobshiopa babhtála faisin le héadaí a athchúrsáil agus le feasacht a spreagadh faoin tsiopadóireacht inbuanaithe.
- Tabhair cuireadh d’aoichainteoir(i) labhairt leis an rang/scoil maidir le ceist éigin faoin bhforbairt áitiúil nó dhomhanda ar ceist inspéise/ábhar inní í.
- Eagraigh cuairt ar eagraíocht nó pobal atá dírithe ar cheisteanna inbhuanaítheachta.
- Tacaigh le hobair eagraíochta neanmhrialtasaí (ENR) atá ag obair le haghaidh a thabhairt ar neamhionannais áitiúla nó dhomhanda, trí thacaíocht a thabhairt dá n-iarrachtaí spreagtha feasachta, feachtasaíochta nó tiomsaithe airgid.

Snáithe 3: An daonlathas a fhiosrú

Torthaí foghlama

Foghlaimíonn scoláirí faoi	Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Ciall an daonlathais	<p>3.1 láithriú físe a chruthú de na gnáth-chomhthéacsanna agus institiúidí lena mbaineann siad, ag díriú ar na háiteanna ina bhfuil cumhacht agus tionchar acu</p> <p>3.2 cur síos a dhéanamh ar phróisis chinnteoireachta agus ról ghrúpaí difriúla ina rang/scoil</p> <p>3.3 cur síos a dhéanamh ar struchtúir dhaonlathacha don chinnteoireacht ar leibhéal rialtais áitiúil agus náisiúnta</p> <p>3.4 an téarmaíocht cheart a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar institiúidí, struchtúir, páirtithe polaitiúla agus ról na hÉireann agus na hEorpa</p> <p>3.5 comparáid a dhéanamh idir dhá chóras rialtais nó níos mó, agus aird ar leith a dhíriú ar na bealaí ina n-idirghníomhaíonn an stát lena shaoránaigh, agus inar féidir le saoránaigh a stát a mhúnlú</p> <p>3.6 láidreachtaí agus laigí an phróisis dhaonlathaigh a phlé</p>
An dlí agus an saoránach	<p>3.7 dlíthe a aithint a bhaineann go díreach lena saol féin</p> <p>3.8 a mhíniú conas a dhéantar agus a chuirtear dlíthe i bhfeidhm, agus a fhabhraíonn siad le himeacht aimsire</p> <p>3.9 ról agus ábharthacht cúirteanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a mhíniú</p> <p>3.10 na naoi bhforais a ainmniú faoina bhfuil idirdhealú mídhleathach i ndlí na hÉireann, agus samplaí a thabhairt</p> <p>3.11 fiosrú a dhéanamh conas a d'úsáid daoine aonair nó grúpaí an dlí chun athruithe a dhéanamh sa tsochaí.</p>
Ról na meán i sochaí dhaonlathach	<p>3.12 taiscéaladh a dhéanamh ar ról na meán éagsúil le faisnéis agus nuacht a ghiniúint agus le measúnú a dhéanamh ar na buntáistí agus na mí-bhuntaistí le gach ceann acu</p> <p>3.13 cásanna staidéir ar úsáid meán digiteach nó eile a scrúdú i gceann amháin acu seo: <ul style="list-style-type: none"> • gluaiseacht um cheartas sóisialta • toghchán nó reifreann polaitiúil • fiosrúchán coiriúil • gluaiseacht chomhshaoil </p> <p>3.14 machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim leanúnach agus faoin mbrí a bhaineann siad aisti</p>

Gníomhartha Samplacha faoi Shnáithe a Trí

Tá nascadh na foghlama leis an ngníomh ina chroíchuid den ghearrchúrsa OSSP. Baineann na gníomhartha molta seo a leanas den chuid mó le Snáithe a Trí, cé go bhféadfadh nascálacha le snáithí eile a bheith ann. Níl sé ceaptha le bheith ina liosta saintreorach

- Samhlaigh go bhfuil tú san iomaíocht do thoghchán, ceap suaitheantas agus póstaer toghchánaíochta a bheidh deartha chun vótálaithe ionchasacha a chur ar an eolas faoi do chuid tosaíochtaí agus tograí.
- Suirbhé a dhéanamh le smaointeoireacht scoláirí faoi na próisis chinnteoireachta i do scoil a fháil amach agus faoin gcaoi a d'fhéadfaí iad a fheabhsú agus na torthaí a chomhroinnt.
- Rannpháirt a ghlacadh sa chomhaireamh toghcháin trí úsáid an chórais vótála ionadaíochta cionmhaire. Cuir an córas ionadaíochta cionmhaire i gcomparáid le córas vótála amháin eile.
- Eagraigh bréagthoghchán nó bréagreifreann go comhthreomhar le toghchán/reifreann san fhíor-am agus cuir na torthaí i gcomparáid a chéile.
- Léirigh físeán gearr, beochan (nó a mhacasamhail) le míniú agus comparáid a thabhairt ar an dá chóras rialtais éagsúla.
- Glac páirt i ndíospóireacht faoin togra seo a leanas: ní theastaíonn an vóta ó dhaoine óga le cumhacht agus tionchar a fheidhmiú ar shaol ár linne.
- Dear cluiche nó grafaic faisnéise chun chuidiú le do chomhscoláirí tuiscint a fháil ar shaothair an Bhinse Comhionannais, na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine nó na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta.
- Úsáid nó cruthaigh íomhánna (gan focail ar bith) leis na naoi bhforas a léiriú faoina dtoirmisctear an leithcheal mhídhleathach in Éirinn. [Tabhair faoi deara: urramaigh an cóipcheart]
- Déan iniúchadh ar an gcaoi a dtuairiscíonn na soláthraithe meán faoi cheist áitiúil, náisiúnta nó dhomhanda nó faoi ní éigin is ábhartha do do chúrsa OSSP.
- Cruthaigh treoir feasa do dhaoine a dteastaíonn uathu a bheith ina saoránaigh ghníomhacha ar líne, maille le gluais d'eochairthearmaí, próifílí de na hardáin mheán sóisialta ábhartha, agus cás-staidéir ar dhaoine aonair nó grúpaí a d'úsáid na hardáin sin le hathrú dearfach a chruthú inár saol.
- Déan iniúchadh ar úsáid meán sóisialta ag polaiteoir amháin nó níos mó.

Measúnú agus tuairisciú

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Tacaíonn an gearrchúrsa seo le héagsúlacht leathan cuir chuige i leith measúnú. Tá roinnt torthaí foghlama ann atá níos oiriúnaí do mheasúnú aonuaire, agus cuid eile atá níos oiriúnaí don mheasúnú ar bhonn leanúnach de réir mar a bhíonn an scoláire páirteach i ngníomhaíochtaí mar phlé, míniú, taighde, cur i láthair, pleanáil agus gníomhú. Sna comhthéacsanna sin, déanann an scoláire, i dteannta a mhúinteora agus a chomhscóláirí, machnamh ar a chuid foghlama féin agus ar fhoghlaim daoine eile agus tugann sé breithiúnas orthu trí bhreathnú ar chaighdeán na bpíosaí áirithe oibre. Pleanálann sé na chéad chéimeanna eile ina chuid foghlama, bunaithe ar an aiseolas a fhaigheann agus a thugann sé. Is féidir le measúnú leanúnach tacú leis an scoláire ina aistear foghlama agus ina ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe a bhaineann leis an ngearrchúrsa seo.

Samhlaítear go dtabharfaidh an scoláire fianaise ar a fhoghlaim ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear meáin dhigiteacha, taifid fuaime agus píosaí scríofa.

Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díríonn an tuairisciú ní amháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cuirfear dul chun cinn agus gnóthachtáil an scoláire sna gearrchúrsaí, idir mheasúnuithe leanúnacha agus an Measúnú Rangbhunaithe a bhaineann go sonrach leis an ngearrchúrsa seo, in iúl dá thuismitheoirí sa tuairisciú eatramhach agus i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS). Tá Acmhainní don Mheasúnú ar fáil ar líne chun tacú le múinteoirí agus le scoileanna. I dteannta an treoirleabhair faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), áireofar sna hAcmhainní don Mheasúnú ábhar tacaíochta foghlama, teagaisc, measúnaithe agus tuairiscithe.

Measúnú Rangbhunaithe

Is ionann na Measúnuithe Rangbhunaithe agus tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire sa mheasúnú sonrach/sna measúnuithe sonracha a leagtar amach i sonraíocht an ábhair nó an ghearrchúrsa. Beidh Measúnú Rangbhunaithe amháin i ngearrchúrsaí na sraithe sóisearaí. De réir mar is féidir, glacfaidh múinteoirí na ngearrchúrsaí rannpháirt i gcruinnithe AFMÁ.

Measúnú Rangbhunaithe: Taifead ar Ghníomh Saoránachta

Cuirfidh an scoláire trí ghníomh saoránachta ar a laghad i gcrích mar chuid dá fhoghlaim sna trí shnáithe de ghearrchúrsa OSSP. Táthar ag dréim leis go gcruthóidh an scoláire Taifead ar Ghníomh do cheann amháin acu seo ina Measúnú Rangbhunaithe. Cuspóir faoi leith den mheasúnú rangbhunaithe is ea aiseolas forbartha do scoláirí a éascú le linn dóibh bheith páirteach sa tasc agus ag deireadh an phróisis. Is féidir an measúnú rangbhunaithe don ghearrchúrsa OSSP a chríochnú sa dara bliain nó sa tríú bliain.

Is féidir an Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh i bhformáid scríofa, dhigiteach, físe nó fuaime agus féadfar tacú leis sna formáidí seo trí agallamh nó cur i láthair a úsáid.

Na gnéithe cáilíochta

Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh an múinteoir chun Taifead ar Ghníomh deiridh an scoláire a mheas.

Beidh sonraí níos mine ar fáil i dtreoirínte measúnaithe ar leith le haghaidh OSSP maidir leis an measúnú agus tuairisciú sa ghearrchúrsa OSSP seo, lena n-áirítear gnéithe cáilíochta agus sonraí faoi na socruithe praiticiúla a bhaineann le measúnú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo. Cuimseoidh na treoirínte, mar shampla, an fad agus na leaganacha amach a mholtar le haghaidh phíosáí oibre an scoláire, agus tacaíocht i dtaca le breithiúnas 'ar an iomlán' a úsáid i ndáil leis na gnéithe cáilíochta.

Measúnú cuimsitheach

Ceadaítear cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha sa tsonraíocht, bíodh sin mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba chóir go mbeadh an socrú, m.sh. an tacaíocht a thugann Cúntóir Riachtanas Speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

Aguisín 1:

Gluais de bhriathra gnímh

Briathra gnímh	Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Anailísigh	staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí
Ceap	rud éigin a phleanáil, a fhorbairt nó a chruthú le smaointeoireacht ghrinn
Comhroinn	cumarsáid a dhéanamh le faisnéis a mhalartú le sprioclucht
Cruthaigh	i gcomhthéacs OSSP, d'fhéadfadh 'cruthaigh físléiriúchán' a bheith ina cheann fisiceach (cosúil le mím, dráma), digiteach (cosúil le colláis, póstaer, físeán, PowerPoint), páipéar-bhunaithe (leabhar gearrthóga, póstaer), sonraí-bhunaithe (cairteacha, graif), nó léiriúchán ealaíonta
Cuir in iúl	comharthaí/gothaí i scríbhinn, amhairc nó béil a úsáid chun brí a chomhroinnt nó chun faisnéis a mhalartú le lucht féachana
Cuir in iúl	tuairisc a thabhairt, i bhfocail, líníochtaí nó íomhánna, maidir le príomhphointí an ábhair
Cuir síos	tuairisc a thabhairt, i bhfocail, líníochtaí nó íomhánna, maidir le príomhphointí an ábhair
Déan comparáid	cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus/nó ar na difríochtaí idir dhá (nó níos mó) rud, dearcadh nó seasamh, ag tagairt don dá cheann acu/dóibh uile síos tríd
Fiosraigh	dlúthbhreathnú córasach a dhéanamh ar rud chun rud éigin a fháil amach; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh
Iniúch	breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus chun teacht ar chruthúnas tacaíochta do chonclúidí
Léirmhíniú	eolas agus tuiscint a úsáid chun treochothaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar
Liostaigh	Roinnt pointí nó fóras a chur ar fáil
Machnaigh	machnamh meabhraitheach cúramach a dhéanamh ar a ngníomhartha, taithí, luachanna agus léann d'fhonn léargais nua a fháil agus chun brí dá gcuid féin a bhaint as
Meas	scileanna breithiúnais agus meastóireachta a thaispeáint, ag déileáil go cothrom le tuairimí difriúla
Meas (cuimhnigh ar...)	machnamh ar an suntas a bhaineann le rud éigin

Measúnaigh	faisnéis/fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheasanna a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna
Mínigh	tuigtear níos mó ná liosta fíricí/smaointe leis: ní mór an fáth nó an chúis taobh thiar de na fíricí/smaointe sin a thabhairt chomh maith
Pléigh	scrúdú a dhéanamh ar choincheapa, peirspictíochta nó tuairimí éagsúla ar ábhar, agus a dtátaí/léargas féin a bhaint ansin, le tacaíocht ó fhianaise nó fáthanna iomchuí
Sainaithin	fíoras, gné nó sampla saineiúil a aithint agus a lua go hachomair
Scrúdaigh	argóintí, sonraí, faisnéis agus scéalta a fhiosrú/ghrinnscrúdú ar bhealach a nochtann an bunús, na toimhdí, na peirspictíochtaí agus na caidrimh eile atá mar bhonn leis
Tabhair breac-chuntas	na príomhphointí a bhaineann le hábhar a leagan amach

Aguisín 2:

OSPS torthaí foghlama agus táscairí na folláine

Snáithe 1: Cearta agus freagrachtaí

Foghlaimíonn scoláirí faoi	Torthaí foghlama <i>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire</i>	Gníomhach*	Freagrach	Ceangailte	Athléimneach	Meas Orm	Feasach
Dínit an duine: an bunús le cearta an duine	1.1 a phlé cad a chiallaíonn sé bheith daonna agus maireachtáil i bpobal le cearta agus le freagrachtaí						
	1.2 láithriú físe a chruthú chun suíomh a chur in iúl nuair nach léirítear meas ar an dínit dhaonna						
	1.3 míniú a thabhairt ar ordlathas éilimh an duine agus ar an gcaoi a mbaineann sé sin le cearta an duine						
	1.4 sonraí uimhriúla a aimsiú agus a léirmhíniú a thaispeánann leithdháileadh áitiúil agus domhanda acmhainní bunúsacha agus patrúin neamhionannais						
Ionstraimí chearta an duine	1.5 scéalta a roinnt faoi dhaoine aonair nó faoi ghrúpaí a thugann inspioráid dóibh mar gheall ar a gcuid oibre ar son chearta an duine						
	1.6 amlíne a chruthú a rianaíonn cad as ar tháinig coincheap chearta an duine, a léiriú cúigear nó níos mó de phríomhdhátaí, imeachtaí, daoine agus cáipéisí						
	1.7 tuiscint a chur in iúl faoin tábhacht a bhaineann leis an DUCD, an CNAEL agus an CECD do chur chun cinn chearta an duine						
	1.8 samplaí a aithint de chearta sóisialta, cultúrtha, teanga, eacnamaíocha, saoránachta, creidimh, comhshaoil agus polaitiúla						
	1.9 peirspectíochtaí difriúla a shonrú i gcásanna ina bhfuil coimhlint shoiléir maidir le cearta nó sárú cearta						
	1.10 a léiriú go dtuigeann siad a bhfreagracht féin chun a gcuid cearta an duine féin agus cuid daoine eile a chur chun cinn agus a chosaint						
	1.11 machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim leanúnach agus faoin mbrí a bhaineann siad aisti						

* Is é is aidhm an OSPS ná deiseanna a thabhairt do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh i ngach leibhéal den tsocháí mar shaoránaigh ghníomhacha. In OSSP, bíonn foghlaim ghníomhach ar siúl ag scoláirí trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí ghníomhacha, i gcleachtadh a nglóir, agus sna roghanna a dhéanann siad faoi na gníomhartha a ghlacann siad agus faoi na móid chun a gcuid gníomhartha a thaifeadh. Ina theannta sin, d'fhéadfaí gníomhaíocht choirp laistigh den scoil nó lasmuigh di a bheith i gceist in OSSP uaireanta.

Snáithe 2: Saoránacht dhomhanda

Foghlaimíonn
scoláirí faoiTorthaí foghlama
Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire

		Gníomhach*	Freagrach	Ceangailte	Athléimneach	Meas Orm	Feasach	
Inbhuanaitheacht	2.1	a chur in iúl conas atá siad nasctha le agus spleách ar éicea-chórais, daoine agus áiteanna i ngar agus i gcéin						
	2.2	meabhúr ar shainmhínte éagsúla ar an bhforbairt agus a sainmhíniú féin a cheapadh den fhorbairt inbhuanaithe						
	2.3	láithriú físe a chruthú de shonraí ina léiríonn siad a lorg éiceolaíoch						
	2.4	plé a dhéanamh ar straitéisí inbhuanaitheachta ar féidir le daoine aonair, pobail, gnóthais, an talmhaíocht agus rialtais a úsáid le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide						
Forbairt áitiúil agus dhomhanda	2.5	scrúdú a dhéanamh ar chásanna staidéir nó fianaisí pearsanta de chuid daoine atá ag fulaingt de bharr bochtaineachta nó neamhionannais i gcomhthéacsanna agus i dtíortha difriúla agus ar an gcaoi atá siad ag oibriú chun na deacrachtaí atá acu a shárú						
	2.6	tuairim eolach a chur in iúl faoi bhunchúiseanna na bochtaineachta, idir áitiúil agus dhomhanda						
	2.7	plé a dhéanamh le fianaise, ar na héifeachtaí dearfacha agus diúltacha le forbairt ina gceantar áitiúil féin						
Athrú domhanda a chur i gcrích	2.8	duine amháin agus institiúid amháin a shainaithint a bhfuil cumhacht agus tionchar acu sa domhan inniu, mínigh ról na beirte acu						
	2.9	anailís a dhéanamh ar shaincheist nó ar dhúshlán domhanda amháin, faoi na ceannteidil seo a leanas: cúiseanna, iarmhairtí, tionchar ar shaol daoine agus réitigh fhéideartha						
	2.10	meastóireacht a dhéanamh faoin gcaoi ar féidir leo rannchur leis an bhfreagairt ar dhúshlán amháin atá os comhair an domhain san am i láthair						
	2.11	iniúchadh a dhéanamh ar fheachtas d'athrú i réimse na hinbhuanaitheachta agus measúnú a dhéanamh ar na cúiseanna nár éirigh leis an bhfeachtas sin						
	2.12	machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim leanúnach agus faoin mbrí a bhaineann siad aisti						

* Is é is aidhm an OSPS ná deiseanna a thabhairt do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh i ngach leibhéal den tsochaí mar shaoránaigh ghníomhacha. In OSSP, bíonn foghlaim ghníomhach ar siúl ag scoláirí trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí gníomhacha, i gcleachtadh a nglóir, agus sna roghanna a dhéanann siad faoi na gníomhartha a ghlacann siad agus faoi na móid chun a gcuid gníomhartha a thaifeadh. Ina theannta sin, d'fhéadfaí gníomhaíocht choirp laistigh den scoil nó lasmuigh di a bheith i gceist in OSSP uaireanta.

Snáithe 3: An daonlathas a fhiosrú

Foghlaimíonn scoláirí faoi	Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire	Gníomhach*	Freagrach	Ceangailte	Athléimneach	Meas Orm	Feasach
Ciall an daonlathais	3.1 láithriú físe a chruthú de na gnáth-chomhthéacsanna agus institiúidí lena mbaineann siad, ag díriú ar na háiteanna ina bhfuil cumhacht agus tionchar acu						
	3.2 cur síos a dhéanamh ar phróisis chinnteoireachta agus ról ghrúpaí difriúla ina rang/scoil						
	3.3 cur síos a dhéanamh ar struchtúir dhaonlathacha don chinnteoireacht ar leibhéal rialtais áitiúil agus náisiúnta						
	3.4 an téarmaíocht cheart a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar institiúidí, struchtúir, páirtithe polaitiúla agus ról na hÉireann agus na hEorpa						
	3.5 comparáid a dhéanamh idir dhá chóras rialtais nó níos mó, agus aird ar leith a dhíriú ar na bealaí ina n-idirghníomhaíonn an stát lena shaoránaigh, agus inar féidir le saoránaigh a stát a mhúnlú						
	3.6 láidreachtaí agus laigí an phróisis dhaonlathaigh a phlé						
An dlí agus an saoránach	3.7 dlíthe a aithint a bhaineann go díreach lena saol féin						
	3.8 a mhíniú conas a dhéantar agus a chuirtear dlíthe i bhfeidhm, agus a fhabhraíonn siad le himeacht aimsire						
	3.9 ról agus ábharthacht cúirteanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a mhíniú						
	3.10 na naoi bhforais a ainmiú faoina bhfuil idirdhealú mídhleathach i ndlí na hÉireann, agus samplaí a thabhairt						
	3.11 fiosrú a dhéanamh conas a d'úsáid daoine aonair nó grúpaí an dlí chun athruithe a dhéanamh sa tsochaí						
	3.12 taiscéaladh a dhéanamh ar ról na meán éagsúil le faisnéis agus nuacht a ghiniúint agus le measúnú a dhéanamh ar na buntáistí agus na mí-bhuntaistí le gach ceann acu						
Ról na meán i sochaí dhaonlathach	3.13 cásanna staidéir ar úsáid meán digiteach nó eile a scrúdú i gceann amháin acu seo: <ul style="list-style-type: none"> gluaiseacht um cheartas sóisialta toghchán nó reifreann polaitiúil fiosrúchán coiriúil gluaiseacht chomhshaoil 						
	3.14 machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim leanúnach agus faoin mbrí a bhaineann siad aisti						

* Is é is aidhm an OSSP ná deiseanna a thabhairt do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh i ngach leibhéal den tsochaí mar shaoránaigh ghníomhacha. In OSSP, bíonn foghlaim ghníomhach ar siúl ag scoláirí trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí gníomhacha, i gcleachtadh a nglóir, agus sna roghanna a dhéanann siad faoi na gníomhartha a ghlacann siad agus faoi na móid chun a gcuid gníomhartha a thairgeadh. Ina theannta sin, d'fhéadfaí gníomhaíocht choirp laistigh den scoil nó lasmuigh di a bheith i gceist in OSSP uaireanta.

Aguisín 3:

Na Táscairí Leibhéal le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Forbraíodh an gearrchúrsa seo ar aon dul leis na táscairí leibhéal le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. De ghnáth bíonn baint ag an eolas, ag an scil agus ag an inniúlacht a ghnóthaítear le haghaidh theistiúchán agus dhámhachtainí Leibhéal 3 le forbairt phearsanta, le rannpháirteachas sa tsochaí agus sa phobal, le fostaíocht, agus le fáil ar oideachas agus ar oiliúint bhreise.

Leibhéal an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí	3
Eolas <i>Fairsinge</i>	Raon sách fairsing eolais
Eolas <i>Cineál</i>	Tagairt nithiúil den chuid is mó agus roinnt tuisceana ar an ngaol idir gnéithe feasa
Fios gnó agus scil <i>Raon</i>	Raon teoranta scileanna agus uirlisí praiticiúla agus cognaíocha a thaispeáint
Fios gnó agus scil <i>Roghnaíocht</i>	Roghnú ó raon teoranta gnásanna éagsúla agus réitigh atá ar eolas a chur i bhfeidhm ar raon teoranta d'fhadhbanna intuartha
Inniúlacht <i>Comhthéacs</i>	Gníomhú laistigh de raon teoranta comhthéacsanna
Inniúlacht <i>Ról</i>	Gníomhú faoi threoir le neamhspleáchas teoranta; feidhmiú i ngrúpaí aonchineálacha a bhfuil cleachtadh orthu
Inniúlacht <i>Foghlaim le foghlaim</i>	Foghlaim le foghlaim i dtimpeallacht bhainistithe
Inniúlacht <i>Léargas</i>	Glacadh le freagracht teoranta as comhleanúnachas féintuisceana agus iompraíochta



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curáilín agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment



AN ROINN
OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

DEPARTMENT OF
EDUCATION AND SKILLS